Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2155(DEC)

5.12.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir leis an urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024
(2025/2155(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Evin Incir

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú iarmhartach tagtha ar líon na gcásanna atá ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), le 2,666 imscrúdú gníomhach ar siúl in 2024, a raibh gné thrasteorann ag baint le nach mór 30 % acu, agus gur baineadh amach méadú suntasach ar na rátaí díotála (47%) agus reo sócmhainní arna bhfáil ag Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha;

2. ag tabhairt dá haire gur phróiseáil OIPE 6547 dtuarascáil choireachta in 2024, líon arb ionann é agus méadú 56 % i gcomparáid le 2023 agus arb é is cúis leis den chuid is mó méadú suntasach ar thuarascálacha ó pháirtithe príobháideacha (méadú 85 %) agus ó údaráis náisiúnta (méadú 12 %) agus lena léirítear brath feabhsaithe calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais sna Ballstáit rannpháirteacha agus feasacht phoiblí níos fearr ar ról OIPE;

3. á chur i bhfios go bhfuil baint ag líon méadaitheach cásanna le calaois CBL thrasteorann, arb ionann iad agus leath den damáiste measta i gcásanna OIPE; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil méadú mór tagtha ar líon na n-imscrúduithe a bhaineann le cur chun feidhme chistiú NextGenerationEU (méadú 25 %);

4. ag cur béim ar an bhfíoras go leantar de bhac a chur ar fhormhór na n-imscrúduithe ar chalaois agus ar choireanna in aghaidh bhuiséad an Aontais mar gheall ar reachtaíocht náisiúnta éagsúil agus iarrachtaí forfheidhmithe neamhchothrom ag na Ballstáit;

5. á chur i bhfáth gur measadh an t-ualach oibre go mór faoina mhéid sa chreat buiséadach bunaidh, lenar fágadh OIPE tearcmhaoinithe go struchtúrtha agus gann ar fhoireann; á chur i bhfios go láidir nach féidir líon méadaitheach na n-imscrúduithe a bhainistiú gan foireann leordhóthanach agus acmhainní cuí chun a áirithiú go mbeidh sásraí cuntasachta níos láidre agus athbhreithnithe feidhmíochta tréimhsiúla ag gabháil leis an gcistiú chun úsáid éifeachtúil airgead cháiníocóirí an Aontais a ráthú; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i dteagmháil le OIPE agus measúnú nuashonraithe a thabhairt ar riachtanais OIPE i bhfianaise an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile, lenar cheart fairsingiú inniúlacht chríochach OIPE chuig an tSualainn agus chuig an bPolainn a chur san áireamh; á mheabhrú go bhfuil OIPE ar cheann den bheagán comhlachtaí de chuid an Aontais a thugann acmhainní do bhuiséad an Aontais i gcomhthéacs leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;

6. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go gcuirfeadh an t-athbhreithniú ar an gcreat reachtach lena rialaítear Europol, Eurojust, OLAF agus OIPE deiseanna ar fáil chun éifeachtúlacht a uasmhéadú maidir le cuspóirí comhchoiteanna a shaothrú go háirithe sa chomhrac in aghaidh na calaoise, na coireachta airgeadais, an éillithe agus damáiste choiriúil eile do leas airgeadais an Aontais, agus dúbláil iarrachtaí á seachaint; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh comhar oibríochtúil níos dlúithe agus acmhainneachtaí anailíseacha comhroinnte le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais amhail Europol, Eurojust agus OLAF barainneachtaí scála tábhachtacha a ghiniúint

agus éifeachtúlacht fhoriomlán a fheabhsú; á iarraidh ar OIPE comhar láidir a bhunú le gníomhaireachtaí eile lena saothraítear cuspóirí comhroinnte agus lena gcuirtear féidearthacht mhór chomhlántachta ar fáil; á chur in iúl go háirithe, ina leith sin, gur bunaíodh an tÚdarás um Chomhrac an Sciúrtha Airgid (ÚSCA) le déanaí agus go mbeidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh ann amach anseo; á chur i bhfáth go mbraitheann brath éifeachtach calaoise agus coireachta airgeadais ar fhíorchomhar sonraíbhunaithe agus ar chomhroinnt faisnéise i measc na ngníomhaithe uile laistigh d'ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais; á chur i bhfáth nach mór don chomhar sin feidhmiú i gcomhréir iomlán leis na rialacha cosanta sonraí agus leis na coimircí nós imeachta;

7. á mheabhrú go bhfuil sé geallta ag an gCoimisinéir dlús a chur leis an athbhreithniú ar shainordú OIPE agus ag dréim leis go mbeidh leathnú ar a inniúlacht mar thoradh ar an athbhreithniú sin; ag cur béim ar a hiarrataí arís agus arís eile dlínse OIPE a leathnú chuig réimsí eile den choireacht thromchúiseach, amhail sárú ar smachtbhannaí AE; á chur i bhfáth, áfach, nach mór measúnú tionchair iomlán a dhéanamh agus acmhainní leordhóthanacha buiséadacha agus daonna a bheith ann roimh leathnú den sórt sin chun éifeachtacht oibríochtúil a áirithiú;

8. ag aithint gur gá do OIPE, córais fhéinrialaitheacha dhigiteacha a fhorbairt, le hacmhainní oiriúnacha, chun déileáil le coireanna airgeadais trasteorann atá ag éirí níos casta agus níos casta agus ag a bhfuil sofaisticiúlacht fheabhsaithe lena mbaineann teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na moilleanna ar fhorbairt a Córais Bainistithe Cásanna; ag tabhairt dá haire go mbailíonn OIPE méid tábhachtach sonraí le linn imscrúduithe, go háirithe i gcásanna casta airgeadais, coireachta eagraithe agus sciúrtha airgid, agus nach mbaintear go leor úsáide astu fós mar gheall ar easpa acmhainneacht anailíseach; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh straitéis cibearshlándála agus creat cibearshlándála OIPE agus á iarraidh go gcuirfí chun feidhme iad go mear cuimsitheach. ag moladh do OIPE tosaíocht a thabhairt don idir-inoibritheacht agus don tslándáil sonraí ina chlaochlú digiteach, rud lena n-áiritheofar comhoiriúnacht le córais Europol agus Eurojust agus cearta bunúsacha á gcosaint ag an am céanna;

9. ag tathant ar na Ballstáit nár tháinig isteach in OIPE go fóill é sin a dhéanamh gan mhoill, chun córas ceartais choiriúil fíor-uile-Eorpach a áirithiú a bheidh in ann leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus freagairt go héifeachtach don choireacht eagraithe agus don éilliú trasteorann; á chur i bhfáth go mbaineann an ilroinnt a eascraíonn as neamh-rannpháirtíocht an bonn de chomhleanúnachas agus d'éifeachtúlacht ollstruchtúr breithiúnach an Aontais, agus go neartódh rannpháirtíocht iomlán na mBallstát uile go suntasach cumas an Aontais cionta tromchúiseacha a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh; á mheabhrú gur bunchloch d'ollstruchtúr coiteann breithiúnach agus frithchalaoise an Aontais í rannpháirtíocht in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), lena n-áirithítear cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais agus sláine a institiúidí; á iarraidh go gceanglófaí ar na Ballstáit uile a bheidh ann amach anseo a bheith rannpháirteach in OIPE mar chuid de phróiseas aontachais AE, chun leibhéal aonfhoirmeach cuntasachta, comhair bhreithiúnaigh agus forfheidhmithe a áirithiú ar fud an Aontais;

10. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hidirphlé leanúnach agus struchtúrtha leis na Ballstáit atá rannpháirteach cheana féin in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phraiticiúla atá rompu maidir le sáruithe ar an smacht reachta agus éilliú a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tacú leis na Ballstáit sin agus na moltaí atá sna Tuarascálacha bliantúla maidir leis an Smacht Reachta á gcur chun feidhme go nithiúil acu agus a áirithiú go gcuirfidh na ceachtanna a foghlaimíodh laistigh de chreat OIPE le cur chuige uile-Aontais níos láidre agus níos comhleanúnaí maidir le sláine agus cuntasacht bhreithiúnach.

ANNEX: DECLARATION OF INPUT

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Interest representatives falling within the scope of the Interinstitutional Agreement on a mandatory transparency register
Transparency International EU / EU transparency register: 501222919-71

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur for opinion.

[1] Interinstitutional Agreement of 20 May 2021 between the European Parliament, the Council of the European Union and the European Commission on a mandatory transparency register (OJ L 207, 11.6.2021, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	3.12.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 52 –: 12 0: 7
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Pernando Barrena Arza, Nikola Bartůšek, François-Xavier Bellamy, Ioan-Rareş Bogdan, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Damien Carême, Susanna Ceccardi, Caterina Chinnici, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Alessandro Ciriani, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Estrella Galán, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Paolo Inselvini, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Mariusz Kamiński, Fabienne Keller, Mary Khan, Alice Kuhnke, Murielle Laurent, Fabrice Leggeri, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Verena Mertens, Nadine Morano, Matjaž Nemec, Ana Miguel Pedro, Ilaria Salis, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Kristian Vigenin, Isabel Wiseler-Lima, Ewa Zajączkowska-Hernik, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Katarina Barley, Anna Maria Cisint, Markéta Gregorová, Monika Hohlmeier, Nikola Minchev, Javier Moreno Sánchez, Jan-Christoph Oetjen, Leoluca Orlando, Oliver Schenk, Sebastian Tynkkynen, Alexandre Varaut, Maciej Wąsik
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Stefano Cavedagna, José Cepeda, Pietro Fiocchi, Andrey Kovatchev, Marcos Ros Sempere, Michał Szczerba, Catarina Vieira

FINAL VOTE BY ROLL CALL
BY THE COMMITTEE ASKED FOR OPINION

52	+
PPE	Magdalena Adamowicz, François-Xavier Bellamy, Ioan-Rareş Bogdan, Caterina Chinnici, Lena Düpont, Monika Hohlmeier, Andrey Kovatchev, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Verena Mertens, Nadine Morano, Ana Miguel Pedro, Oliver Schenk, Michał Szczerba, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
PfE	Jaroslav Bžoch
Renew	Abir Al-Sahlani, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Nikola Minchev, Jan-Christoph Oetjen
S&D	Katarina Barley, José Cepeda, Marina Kaljurand, Murielle Laurent, Ana Catarina Mendes, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Marcos Ros Sempere, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Kristian Vigenin, Alessandro Zan
The Left	Giuseppe Antoci, Pernando Barrena Arza, Damien Carême, Estrella Galán, Ilaria Salis
Verts/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Alice Kuhnke, Leoluca Orlando, Catarina Vieira

12	-
ESN	Mary Khan, Milan Uhrík, Ewa Zajączkowska-Hernik
NI	Erik Kaliňák
PfE	Nikola Bartůšek, Susanna Ceccardi, Anna Maria Cisint, Marieke Ehlers, Fabrice Leggeri, Petra Steger, Tom Vandendriessche, Alexandre Varaut

7	0
ECR	Stefano Cavedagna, Alessandro Ciriani, Pietro Fiocchi, Paolo Inselvini, Mariusz Kamiński, Sebastian Tynkkynen, Maciej Wąsik

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh ó vótáil